Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0342(COD)**

**13246/21**
**ADD 6**

**EF 319**
**ECOFIN 1029**
**CODEC 1375**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Deireadh Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 664 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh priacal creidmheasa, priacal um choigeartú luachála creidmheasa, priacal oibriúcháin, priacal margaidh agus an t-íosráta aschuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 664 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 664 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2021
COM(2021) 664 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le ceanglais le haghaidh priacal creidmheasa, priacal um choigeartú luachála creidmheasa, priacal oibriúcháin, priacal margaidh agus an t-íosráta aschuir**

## IARSCRÍBHINN

**Aicmiú Ítimí atá Lasmuigh den Chlár Comhardaithe**

| Buicéad | Míreanna |
|---|---|
| 1 | • Ráthaíochtaí ginearálta féichiúnais, lena n- áirítear litreacha creidmheasa teannta a fhónann mar ráthaíochtaí airgeadais le haghaidh iasachtaí agus urrús, agus glacachtaí, lena n- áirítear formhuinithe de chineál glacachtaí, chomh maith le [haon] ionadaithe creidmheasa díreacha eile;<br>• Comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus díolachán sócmhainní agus iontaoibh i gcás ina bhfanann an priacal creidmheasa leis an institiúid;<br>• Urrúis arna dtabhairt ar iasacht ag an institiúid nó urrúis arna bpostáil ag an institiúid mar chomhthaobhacht, lena n- áirítear cásanna ina n- eascraíonn siad sin as idirbhearta bunaithe ar chomhaontú athcheannaigh;<br>• Réamhcheannacháin sócmhainní, réamhthaiscí agus scaireanna agus urrúis pháirtíoctha, a léiríonn gealltanais le híostarraingt áirithe;<br>• Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe ina gcuimsítear ionadaí creidmheasa i gcás nach n- áirítear é go sainráite in aon chatagóir eile.<br>• Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n- iompraítear priacal den chineál céanna agus mar a chuirtear in iúl iad do ÚBE. |
| 2 | • Saoráidí eisiúna nótaí (NIFanna) agus saoráidí frithgheallta imrothlacha (RUFanna) gan beann ar aibíocht na saoráide foluití;<br>• Bannaí feidhmíochta, bannaí tairisceana, barántais agus litreacha creidmheasa teannta a bhaineann le hidirbhearta áirithe agus ítimí teagmhasacha den chineál céanna a bhaineann le hidirbhearta;<br>• Ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe nach gcuimsítear leo ionadaí creidmheasa i gcás nach n- áirítear é go sainráite iad in aon chatagóir eile.<br>• Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n- iompraítear priacal den chineál céanna, mar a thuairiscítear iad do ÚBE. |
| 3 | • Gealltanais, gan beann ar aibíocht na saoráide forluití, mura dtagann siad faoi chatagóir eile;<br>• Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n- iompraítear priacal den chineál céanna, mar a thuairiscítear iad do ÚBE. |
| 4 | • Litreacha creidmheasa trádála gearrthéarmacha, féinleachtaitheacha a eascraíonn as gluaiseacht earraí, go háirithe creidmheasanna doiciméadacha arna gcomhthaobhú leis an loingsiú bunúsach, i gcás institiúid eisiúna nó institiúid daingniúcháin;<br>• Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n- iompraítear priacal den chineál céanna, mar a thuairiscítear iad do ÚBE. |
| 5 | • Gealltanais atá inchealaithe go neamhchoinníollach;<br>• Méideanna neamhtharraingthe de línte creidmheasa miondíola dá gceadaíonn na téarmaí don institiúid na línte sin a chealú an oiread atá ceadaithe faoi reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus faoi reachtaíocht ghaolmhar;<br>• Saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe le haghaidh ráthaíochtaí tairisceana agus feidhmíochta is féidir a chur ar ceal gan choinníoll tráth ar bith gan fógra roimh ré, nó nach bhforáiltear go héifeachtach iontu maidir le d'uathchealú de bharr meathlú in acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí;<br>• Ítimí eile lasmuigh den chlár comhardaithe ina n- iompraítear priacal den chineál céanna, mar a thuairiscítear iad do ÚBE. |